# Gaelscoil Dhún Dealgan

## Polasaí i leith úsáide substaine
## (alcól, tabac, drugaí)

## ***Bunsmaoineamh***

Ionas go nglacfar leis an bpolasaí seo, agus go gcuirfear i bhfeidhm é, ní mór do mhúinteoirí, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta agus daltaí na scoile comhoibriú le chéile. Séard is druga ann ná:

Substaint ar bith gur féidir a úsáid no mí-úsáid, agus go dtig leis athruithe a dhéanamh ar obair an choirp nó an mheoin".

Tuigeann an scoil go bhfuil ról tábhachtach aici in oideachas dhrugaí, ó thaobh cosc a chur leo, agus tacaíochta a ofráil dóibh siúd a úsáideann drugaí, bíodh said dleathach nó mí-dhleathach.

## ***Ethos na Scoile***

Creideann an scoil go bhfuil forbairt phearsanta agus shoisialta achan duine i gcomhluadar na scoile fíor thábhachtach. Tagann bláth ar an oideachas i dtimpeallacht ina bhfuil na rudaí seo a leanas:

- Meas ar an duine
- Cothaítear gaol maith idir dhaoine
- Cothramaíocht agus ceart don té a bhfuil fadhb aige/aici.

Is í an fhealsúnacht seo atá mar bhunchloch d'obair na scoile seo, agus is cuid lárnach í den pholasaí seo, maille leis an bprionsabal go bhfuil muid ag obair ar mhaithe le sábháilteacht an pháiste, an t-am uilig.

## ***Úsáid Drugaí sa Scoil***

Níl sé ceadaithe ag duine ar bith drugaí, alcól no tabac a bheith acu, a úsáid, no a thabhairt d'éinne eile, in am ar bith, sa scoil, nó i limistéar na scoile. Baineann sé seo le imeachtai scoile a tharlaíonn taobh amuigh den scoil nó taobh amuigh d'uaireanta scoile.

Tá eisceacht amháin leis seo, sé sin i gcás leigheas dleathach; caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir é seo a chur in iúl i sríbhinn don scoil, maille le dearbhú dochtúra.

Tá ceithre chuid sa pholasaí seo:

- Cláracha oideachais i leith alcól, tabac agus drugaí.
- Déileáil le eachtraí a bhaineann le alcól/tabac/drugaí.
- Traenáil agus forbairt na foirne.
- Measúnú agus athbhreithniú.

## ***Aidhmeanna***

Cuirfidh an scoil clár oideachais dhrugaí ar fáil d'achan dalta i gcomhair leis an gclár OSPS atá ar siúl sa scoil faoi láthair.

Is iad seo ár n-aidhmeanna ó thaobh oideachais dhrugaí de:

- Comhoibriú le tuismitheoirí.
- Féin-mhuinín na ndaoine óga a mhéadú.
- Scileanna sóisialta agus pearsanta a thabhairt do na páistí.
- A chur ar chumas na bpáisti roghanna freagaracha, sláintiúla agus eolacha a dhéanamh.
- Eolas cruinn ar dhrugaí a thabhairt, a bheidh oiriúnach d'aois na bpáistí.
- An dochar a dhéanann drugaí a laghdú, trí chuiliú tacaíochtúil a ofráil.

*Cuirfear na h-aidhmeanna seo i bhfeidhm ar na bealaí seo a leanas:*

- Cúrsaí inseirbhíse in OSPS.
- Cúrsaí lae/samhraidh - Walk Tall ɹrl.
- Cainteanna / léachtaí ón mBord Sláinte, Gardaí.
- Oideachas comh aoise (peer).

Tabharfar eolas do thuismitheoirí faoin oideachas drugaí atá ar siúl sa scoil. Déanfar é seo trí nuachtlitreacha, cruinnithe agus an polasaí seo.

## ***Croí an Pholasaí***

Maidir le eachtra ar bith ó thaobh drugaí de, glacann an scoil leis go gcaithfidh cothramaíocht a bheith ann idir riachtanais an dalta, riachtanais chomhluadar na scoile, agus íomhá na scoile.

Sa chéad áit, tabharfar éisteacht don duine, déanfar idirdhealú idir an fhírinne agus an neamh fhírinne, agus tabharfar tacaíocht. Cuirfear an cód smachta i bhfeidhm má bhristear rialacha na scoile. Ní chuirfear díbirt i bhfeidhm ach amháin ma theipeann ar achan rud eile. Tá modhanna leagtha síos le déileáil le eachtraí a bhaineann le drugaí.

- Seo a leanas samplaí de eachtraí a bhaineann le drugaí:
- Ag baint triail as substaintí / alcól / tabac.
- A bheith faoi thionchar dhrugaí / iompar neamhghnách.
- Ráflaí faoi úsáid shubstainte.
- Tuairisc faoi dhuine.
- Seilbh dhrugaí sa scoil nó ag gníomhaíocht scoile.
- Ag díol drugaí dleathacha / mídhleathacha.
- Duine ag lorg cuidiú.
- Úsáid drugaí i gclós na scoile.
- Fearais dhrugaí faighte in áit a bhaineann leis an scoil.

## *An Cód Smachta*

Is ábhair chasta iad eachtraí a bhainneann le drugaí, agus sa chás go mbristear rialacha na scoile ó thaobh dhrugaí de, cuirfear na smachtbhannaí cuí i bhfeidhm:

***m.sh.*** ***Ag caitheamh tabac / ag ól:*** cuir in iúl do thuistí

***Ag caitheamh tabac / ag ól: an dara huair:***

cuir in iúl don Bhord Sláinte

***Drugaí ag páistí:*** cuir in iúl do thuistí agus do na gardaí.

## *Rúndacht*

Ní féidir rúndacht iomlán a ghealladh do pháiste a insíonn go bhfuil baint aige/aice le drugaí. Tuigimid go gcaithfimid bheith cúramach i gcás mar seo ionas nach gcaillfidh an páiste muinín sa mhúinteoir; agus mar gur mó dóichí go bhfuil cuidiú a dhíth ar an bpáiste.
Braitheann toradh an eachtra le drugaí go mór ar an mbealach cúramach a dhéanfar déiléail leis. Is cóir eolas a choinnéáil faoi rún agus é a thabhairt le fios díreach nuair is gá. Caithfear an páiste a choinneáil ar an eolas faoi caidé tá ag tárlú agus cén fáth.

'Sé an príomh-fhócas a bheidh ann ná sláinte agus sábháilteacht an mhúinteoira agus an pháiste.

***Na Meáin-chumarsáide***

Is é/í Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta an príomh-urlabhraí ar son na scoile. Ní dhéanfaidh an scoil caint faoi chásanna/eachtraí aonaracha, ach déanfaidh sí tagairt don pholasaí i leith drugaí agus do na modhanna atá leagtha síos le déileáil lena leithéid.

***Measúnú / Athbreithniú***

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí de réir eolas nua a thagann chun cinn.

Beidh múinteoirí, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta páirteach i measúnú an pholasaí seo.

'Séard a dhéanfar measúnú orthu ná:

- Cláracha oideachais i leith dhrugaí.
- Ag déileáil le eachtraí a bhaineann le drugaí.
- Traenáil / cúrsaí do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus bainistíocht na scoile.

Athbreithniú déanta ar an bpolasaí seo ag an fhoireann ar 4/5/10.

Athbreithniú déanta ar an bpolasaí ag an B.B 9/6/10

*Tuairisc ar eachtra a bhaineann le drugaí.*

Cláruimhir (ní ainm) an pháiste:

Dáta:

Áit:

Caidé a tharla:

Beart a glacadh:

Smachtanna (má cuireadh i bhfeidhm é):

10 Sraithaonad do ghach rannóg: Naí / R1 + 2 / R3 + 4 / R5 + 6.

Déan 5 cinn gach bliain.

**Junior/Senior Infants** **SPHE** **Strand** Myself
**Strand Unit** Safety & Protection
Safety Issues Content objectives 4,5,6

**Resources**: Walk Tall – Junior Infants Pages 92 - 106
Walk Tall – Senior Infants Pages 87 - 98
N..W. Health Ed. Programme Pages 66 - 76
(First Steps)

**1st and 2nd Class** Strand Myself
SPHE Strand Units Taking Care of my Body Content Objective 8
Safety and Protection
Safety Issues Content Objectives 5, 6

**Resources**: Walk Tall 1st Class Pages 60 – 65
Walk Tall 2nd Class Pages 43 – 47, 77 – 91
N.W. Health Ed. Programme Pages 109 - 126
(Up and Away)
Bí Folláin Pages 160 - 161

**3rd and 4th Class** Strand Myself
SPHE Strand Units Taking care of my Body
Health and Well Being Content Objectives 4,5,6
Safety and Protection
Safety Issues Content Objectives 4

**Resources** Walk Tall 3rd Class Pages 101 – 118
Walk Tall 4th Class Pages 87 – 107
N.W. Health Ed. Programme
(Out and About) Pages 61 – 87
Bí Folláin Pages 143 – 152

**5th and 6 Class** Strand Myself
Strand Units Taking Care of my Body
Health and Well Being Content Objectives 3,4,5,6
Safety and Protection
Safety Issues Content Objectives 5,6

**Resources** Walk Tall 5th Class Pages 110 – 126
Walk Tall 6th Class Pages 91 – 140
N.W. Health Ed Prog Pages 63 - 88
(Look after Yourself)
Bí Folláin Pages 109 - 122

***Ag Déanamh Scrúdú ar Eachtra a Bhaineann le Drugaí***

Sa chás nach bhfuil an duine i mbaol, is cóir am a ghlacadh le anailís ceart a dhéanamh ar an eachtra sula ndéantar beart ar bith.
Ba cheart an fhoirm tuairisce a líonadh (cóip le déanamh amach). Déanta ✓

Cuirfear gach tuairisc i scríbinn le cinntiú go mbeidh próiséas cóir á leanúint maidir le deiléail leis an dalta.
Má tá sé dearfach go raibh seilbh nó úsáid drugaí i gceist, déanfar tuairisc ar na sonraí uilig agus déanfar déiléail leis an eachtra dá réir.

***Ag Déiléail le Eachtra.***

Tá sé rí-thábhachtach go mbeidh teorainn leis an méid duine atá páirteach i mbainistíocht eachtra dhrugaí. Cuirfear daoine ar an eolas de réir mar is gá. Tabharfar eolas ar an eachtra don phríomhoide, an có-ordnaitheoir drugaí (leas-phríomhoide), agus dóibh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an gcás. Coinneofar achan tuairisc scríofa faoi rún ag an bpríomhoide.

Tabharfar tuairisc ar an eachtra do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus do chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta. Caithfear déileáil leis seo go fáithchiallach, agus tacaíocht a ofráil más féidir. Sa chás nach mbíonn comhoibriú nó tacaíocht ar fáil ó na tuismitheoirí/caomhnóirí, déanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh faoin modh oibre is fearr a ghlacadh.

## *Ag Déanamh Scrúdú ar Eachtra a Bhaineann le Drugaí*

Sa chás nach bhfuil an duine i mbaol, is cóir am a ghlacadh le anailís ceart a dhéanamh ar an eachtra sula ndéantar beart ar bith.
Ba cheart an fhoirm tuairisce a líonadh (cóip le déanamh amach). Déanta ✓

Cuirfear gach tuairisc i scríbinn le cinntiú go mbeidh próiséas cóir á leanúint maidir le deiléail leis an dalta.
Má tá sé dearfach go raibh seilbh nó úsáid drugaí i gceist, déanfar tuairisc ar na sonraí uilig agus déanfar déiléail leis an eachtra dá réir.

## *Ag Déiléail le Eachtra.*

Tá sé rí-thábhachtach go mbeidh teorainn leis an méid duine atá páirteach i mbainistíocht eachtra dhrugaí. Cuirfear daoine ar an eolas de réir mar is gá. Tabharfar eolas ar an eachtra don phríomhoide, an có-ordnaitheoir drugaí (leas-phríomhoide), agus dóibh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an gcás. Coinneofar achan tuairisc scríofa faoi rún ag an bpríomhoide.

Tabharfar tuairisc ar an eachtra do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus do chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta. Caithfear déileáil leis seo go fáithchiallach, agus tacaíocht a ofráil más féidir. Sa chás nach mbíonn comhoibriú nó tacaíocht ar fáil ó na tuismitheoirí/caomhnóirí, déanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh faoin modh oibre is fearr a ghlacadh.